Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2183(INI)

20.11.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta — tuarascáil bhliantúil 2026
(2025/2183(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Nela Riehl

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta – tuarascáil bhliantúil 2026

(2025/2183(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagal 9, d'Airteagal 121, d'Airteagal 148 agus d'Airteagal 149 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna fhógairt agus arna shíniú ag an gComhairle, ag an bParlaimint agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an XX Samhain 2026 dar teideal 'Annual Sustainable Growth Survey 2026' [Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2026],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an XXX 2026 maidir le tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle,

– ag féachaint do mholadh ón gCoimisiún an XXX 2026 maidir le moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an XXX 2026 dar teideal 'Alert Mechanism Report 2025' [Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an XX Samhain 2026 dar teideal 'Draft Budgetary Plans for 2025: Overall assessment' [Dréachtphleananna buiséadacha 2025: Measúnú foriomlán],

– ag féachaint don tuarascáil ó Mario Draghi dar teideal 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa', a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024,

– ag féachaint don tuarascáil ó Enrico Letta maidir le todhchaí an mhargaidh aonair, dar teideal 'More than a Market' [Margadh thar an gCoitiantacht], a foilsíodh i mí Aibreáin 2024,

– ag féachaint do thuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa in AE, a foilsíodh i mí Eanáir 2023,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2025),

A. de bhrí, i mí an Mheithimh 2025, gurbh ionann an ráta dífhostaíochta in AE agus 5.9 %, agus go bhfuil dífhostaíocht i measc na hóige fós ard ag 14.7 %; de bhrí nach bhfuil

cáilíocht poist, méaduithe pá agus gnóthachain táirgiúlachta ag teacht go hiomlán le leibhéil fostaíochta níos airde;

B. de bhrí go bhfuil an Seimeastar Eorpach fós ina ionstraim lárnach chun beartas eacnamaíoch, fioscach, fostaíochta agus sóisialta a chomhordú ar fud an Aontais, agus, dá bhrí sin, go dtugann sé deis cothroime shóisialta, chomhshaoil agus idirghlúine a leabú ar bhealach níos córasaí sa rialachas maicreacnamaíoch;

C. de bhrí go raibh 21 % de dhaonra AE i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2024; de bhrí nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh i dtreo an chuspóra líon na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú 5 mhilliún faoi 2030;

D. de bhrí gur ghéaraigh an t-athrú aeráide agus scriosadh an chomhshaoil neamhionannais agus go ndearna siad difear do na grúpaí is leochailí; de bhrí go meastar go gcruthóidh an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta thart ar 2.5 milliún post breise;

E. de bhrí go gcuireann brúnna ar chostais tithíochta agus praghsanna arda fuinnimh ualaí suntasacha ar theaghlaigh, ach gur minic a bhí an beartas tithíochta faoi ghannionadaíocht i moltaí tírshonracha;

F. de bhrí go bhfuil ganntanas leanúnach oibrithe agus scileanna roimh AE, mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear droch-cháilíocht poist;

G. de bhrí go léiríonn sonraí go bhfuil gá le tuilleadh iarrachta ar fud fhormhór na mBallstát chun an sprioc 60 % de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach san oideachas agus san oiliúint a bhaint amach faoi 2030; de bhrí go soláthraíonn an cur chuige comhtháite maidir le comhordú beartais laistigh den Seimeastar Eorpach an creat chun an infheistíocht is gá i bhforbairt caipitil dhaonna, in oideachas agus i gcórais oiliúna a threorú;

H. de bhrí go meastar gurb ionann riachtanais infheistíochta bhreise sa bhonneagar sóisialta agus EUR 192 bhilliún in aghaidh na bliana, lena n-áirítear i dtithíocht inacmhainne, i gcúram sláinte agus fadtéarmach, in oideachas agus in oiliúint ar feadh an tsaoil[1]; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun an bhearna infheistíochta sóisialta in AE a thomhas chomh maith leis na torthaí eacnamaíocha ar infheistíocht shóisialta;

1. á chur i bhfáth go bhfuil buntáiste iomaíoch ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i samhail shóisialta AE; á iarraidh go ndéanfaí na moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa, chomh maith leis na moltaí ó thuarascálacha Letta agus Draghi, a chomhtháthú i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh; á chur in iúl gur geal léi comhtháthú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sa chreat rialachais eacnamaíoch agus á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as an bhféidearthacht síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe chun infheistíocht a dhéanamh i dtosaíochtaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á iarraidh go léireofaí an creat

[1] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 27 Bealtaine 2020 dar teideal ‘Identifying Europe’s recovery needs’ [Riachtanais téarnaimh na hEorpa a shainaithint] (SWD(20200098) a ghabhann leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Europe’s moment: Repair and Prepare for the Next Generation’ [Deis na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020)0456).

rialachais comhtháite i bpróisis inmheánacha institiúidí AE, agus go mbeadh a gcomhlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta rannpháirteach ar an leibhéal céanna;

2. á mheas gur cheart don Choimisiún agus don Chomhairle a n-iarrachtaí a neartú chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme; á iarraidh go ndéanfaí spriocanna phlean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a leabú i gcroílár an tSeimeastair Eorpaigh trí thagarmharcanna a dhéanamh díobh i measúnuithe an tSeimeastair Eorpaigh;

3. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Choimisiúin deireadh a chur leis an mbochtaineacht faoi 2050 agus go bhfuil sé ar intinn aige gníomh post ardcháilíochta a mholadh; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le comhleanúnachas idir an Seimeastar Eorpach, an obair leantach ar phlean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na hionstraimí sin atá ar na bacáin, le spriocanna intomhaiste agus moltaí tírshonracha comhfhreagracha;

4. á chur in iúl gur geal léi cuimsiú buan an chreata um chóineasú sóisialta sa Seimeastar Eorpach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé, in éineacht leis an scórchlár sóisialta, chun rioscaí a shainaithint agus chun dul chun cinn maidir le cóineasú sóisialta aníos a rianú;

5. á mheabhrú gur féidir le hinfheistíocht shóisialta tionchar dearfach a imirt ar an bhfás eacnamaíoch, ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas, agus ar an gcaoi sin tacú freisin leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus cóineasú sóisialta aníos á chur chun cinn ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle caitheamh leis an infheistíocht shóisialta mar bhunús don fhás inbhuanaithe;

6. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart plean tithíochta inacmhainne an Choimisiúin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sa Seimeastar Eorpach, agus béim níos láidre á leagan ar thithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus chuibhiúil i moltaí tírshonracha; á mheabhrú do shínitheoirí Dhearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac faoin sprioc deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030;

7. ag cur béim ar an bhfíoras gur infheistíocht shóisialta straitéiseach í an infheistíocht san oideachas, san uas-sciliú agus san athsciliú lena ngabhann torthaí fadtéarmacha don iomaíochas agus don chomhtháthú;

8. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór cothroime idirghlúine a bheith ina cuid struchtúrach den Seimeastar Eorpach; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar chuid dá straitéis cothroime idirghlúine, táscairí maidir le folláine na hóige, rochtain ar phoist ardcháilíochta, inacmhainneacht tithíochta, oideachas agus scileanna a chomhtháthú i gcreat measúnaithe an tSeimeastair Eorpaigh, agus meastóireacht chórasach a dhéanamh ar thionchair fhadtéarmacha na moltaí fioscacha agus athchóirithe;

9. á aithint go bhfuil gealltanas tugtha ag na Ballstáit 5 % de OTI a infheistiú gach bliain i gcroícheanglais chosanta agus i gcaiteachas slándála gaolmhar faoi 2035, lena n-áirítear tríd an gclásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú; á chur i bhfáth, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, nach mór caiteachas den sórt sin a phleanáil ar bhealach comhordaithe;

10. ag tabhairt dá haire go mbeidh ról ríthábhachtach ag moltaí an tSeimeastair Eorpaigh in 2026 maidir leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha a tharraingt

suas; á chreidiúint gur cheart athchóirithe agus infheistíochtaí a roghnú ar bhonn na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta lena dtugann siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha;

11. ag tacú le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh atá níos daonlathaí, agus an Pharlaimint rannpháirteach go láidir i dtosaíochtaí beartais eacnamaíoch a leagan síos agus i gcinntí rialachais eacnamaíoch a dhéanamh; á áitiú go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach go córasach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh;

12. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.